SEÁN Ó RIAIN

An Coimisiún Eorpach, Rue de Genève 6, B-1140 an Bhruiséil.
Teil. 00322 299 2494 (obair); 0032496 59 77 63 (fón póca);
sean.oriain@ec.europa.eu

PRÓIFÍL

Saineolaí ar an bpleanáil teanga; tráchtas Ph.D (TCD), "Pleanáil Teanga in Éirinn agus i Québec". Taidhleoir le 28 mbliana taithí mar ionadaí na hÉireann sa Bhruiséil (Aontas Eorpach), sa Ghearmáin, sa Pholainn, san Astráil is san Ostair.

1. SAOL OIBRE - A) Ag baint leis an nGaeilge:

1. I bhfeighil ar an leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin an Choimisiún Eorpaigh, europa.eu, is baint aige le beartas teanga an Choimisiúin, ó Mheán Fómhair 2007.
2. Ionadaí na hÉireann ar choiste idir-rialtasach Chomhairle na hEorpa a dhréachtaigh an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, 1988-1990 (Gaeilge/T.Éir.).
3. Rúnaí ar Choiste na hÉireann de BETNEF (An Biúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana), 1988-90.
4. Ionadaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar Choiste na hÉireann de BETNEF 1983-2001 (seachas tréimhsí thar lear).
5. Scrúdaitheoir na Gaeilge, Ardteist Onóracha, idir scríobh is chaint, 1979-1993 (seachas tréimhsí thar lear).
6. Léachtóir le Nua-Ghaeilge in Ollscoil **Mhá Nuad**, 1979-81.
7. ATO (Ard-Teastas in Oideachas) – cleachtadh múinteoireachta i bPobalscoil **Ghaoth Dobhair**, Eanáir-Márta 1976.
8. Mhúin ar chúrsaí samhraidh i nGaeltacht **Chorca Dhuibhne** 1976-77.
9. Mhúin ranganna seachtainiúla Gaeilge i **Vienna** (1985-8), is i **gCanberra** (1990-92).
10. Rinne an Ardteist ar fad trí Ghaeilge i 1972, bíodh gur trí Bhéarla amháin a mhúin a scoil.
11. Suíomh gréasáin na hAmbasáide i mBeirlín curtha i nGaeilge aige: www.botschaft-irland.de.

Foilseacháin Roghnaithe/Léachtaí/Taithí ar na Meáin

1. **Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985**, scrúdú ar chumadh is ar chur i bhfeidhm bheartas teanga na hÉireann, Carbad/ Bord na Gaeilge, 1994, an tOllamh Joe Lee a sheol (245 lch). Bunaithe ar a thráchtas Ph.D "Pleanáil Teanga in Éirinn agus i Québec, 2 imleabhar, 1985, ar fail i leabharlann Choláiste na Tríonóide (974 lch).

2. **An tAontas Eorpach agus an Ghaeilge: Féiniúlacht agus Éagsúlacht Teanga,** Dátheangach, Gaeilge/Béarla, Clódhanna Tta., an tAire Stáit Mary Hanafin, T.D. a sheol, thar ceann an Aire Brian Cowen, T.D. i dteach Uíbh Eachach, Iúil 2001 (46 lch).

3. **Sprachplanung in Irland** (Pleanáil Teanga in Éirinn), Gesellschaft für Interlinguistik (an Cumann Idirtheangeolaíochta), Berlin, 2002.

4. **Irish is Fun-tastic**, cúrsa éadrom chun an Ghaeilge a fhoghlaim trí chartúin, Y Lolfa, an Bhreatain Bheag, an tAire Stáit Pat the Cope Gallagher, TD, a sheol, BÁC, Márta 1990.

5. "The Decline and Revival of the Irish Language, and its future in the context of a uniting Europe"; alt as Béarla i **Beyond Philology**, Ollscoil Gdansk, 2002.

6. "Éire sa 19ú Céad – ag sracadh ar son na saoirse. Meath na Gaeilge", alt as Polainnis, Ollscoil Poznan, 1999; agus leabhrán den teidil, Cumann Gael-Pholannach Poznan, 1999.

7. **Western European Phrasebook** (cuid na Gaeilge), Lonely Planet, Melbourne, 1991, dara heagrán 1997.

8. A lán **alt** faoin nGaeilge is faoi ábhair ghinearálta theangeolaíochta, in irisí Gaeilge (TEANGA, COMHAR, FEASTA) agus idirnáisiúnta ("Language Problems and Language Planning", "Beiträge der Gesellschaft für Interlinguistik").

9. Thug **léachtaí** faoin mbeartas Gaeilge in ollscoileanna éagsúla (Sydney, Melbourne, Warsaw, Poznan, Berlin, Essen, Guarda na Portaingéile), is léacht faoin bPolainn d'Údarás na Gaeltachta, Eanáir 1995.

10. **Meáin Leictreonacha**: Agallaimh go minic le RTÉ, TG4, RnG, Raidió na Life.

B) Obair thaidhleoireachta ghinearálta agus acadúil

Mór-eolas agus taithí ar an seirbhís phoiblí, idir ranna rialtais is chomhlachtaí leath-stáit. Taithí oibre 30 bliain: 1 bliain le Coimisiún na hEorpa, 16 bliana i 5 ambasáid thar lear, ag obair le 10 Ambasadóir (3 acu as Gaeilge), 11 bhliain i dTeach Uíbh Eachach; agus 2 bhliain ag léachtóireacht i nGaeilge in Ollscoil Mhá Nuad. Rúnaí, Craobh na Roinne Gnóthaí Eachtracha den **AHCPS**, 1999-2001. Urlabhraí leis na Meáin i 4 ambasáid, le mór-thaithí ar agallaimh as Gaeilge, Béarla, Gearmáinis is Polainnis.

Taithí Foirne: Taithí iomlán ar chúrsaí foirne: freagrach as 41 ball foirne, 24 in ambasáidí thar lear agus 17 i mBÁC. D'oibir ar bhoird agallaimh chun treas rúnaithe nua a earcú don Roinn Gnóthaí Eachtracha, 2001.

An Coimisiún Eorpach (DGT): Saineolaí náisiúnta ar iasacht ó Mheán Fómhair 2007. **Buan-ionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach, an Bhruiséil**. Freagrach as na Balcáin Thiar/Meiriceá Laidneach, 2005 – 2007.

Ambasáid na hÉireann, Berlin. Comhairleoir Preasa, Faisnéise agus Cultúir, Lúnasa 2001-Lúnasa 2005 .

Ambasáid Warsaw, Leas-Cheann na hAmbasáide, 1994-99. Freagrach as comhairle pholaitiúil do chomhlachtaí Éireannacha ag infheistiú sa Pholainn (infheistíocht a chuaigh ó €10 m. go € 1 billiún sa tréimhse - AIB, CRH); is as buiséad na hAmbasáide.

Roimhe sin: Céad Rúnaí, Rannóg na hEorpa Láir agus Thoir, 1999-2001; Céad Rúnaí, Rannóg an Mheán-Oirthir; agus Rannóg na Trádála Déthaobhaí, 1992-94; Dara/Treas Rúnaí san Ambasáid, **Canberra,** 1990-92; **Rannóg Chomhairle na hEorpa**, 1988-90, agus 1978-79; Ambasáid Vín (agus Buanionadaíocht do na Náisiúin Aontaithe), 1985-88; an Rannóg Faisnéise 1983-85; an Rannóg don Chomhoibriú Forbraíochta 1982-83**; Rannóg Chomhordaithe an Aontais Eorpaigh** 1981-82.

2. CÁILÍOCHTAÍ OIDEACHAIS

Ph.D. ar thráchtas **Pleanáil Teanga in Éirinn agus i Québec** – staidéar comparáideach ar chumadh is ar chur i bhfeidhm an bheartais teanga in Éirinn agus i Québec, **Coláiste na Tríonóide**, BÁC, 1985. Stiúrthóir: An tOllamh Máirtín Ó Murchú.

M.A.(Onór.) ar thráchtas teangeolaíochta **Gnéithe Briathartha san Aimsir Láithreach**, Ollscoil na hÉireann, **Gaillimh 1978.** Stiúrthóir: An tOllamh Gearóid Mac Eoin. Chlóscríobh a thráchtas féin.
Ard-Teastas in Oideachas, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 1976.

B.A. (Onór.), Gaeilge agus Fraincis, le Gearmáinis mar fho-ábhar, 1975. Bronnadh **Scoláireacht Cuimhneacháin Iarchéime 1916** air, as Céad Onóracha a fháil sa Ghaeilge, agus an chéad áit sa rang i scrúdú an B.A.

An chéad duais sa Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sna blianta 1974, 1973, 1972.

1-ad LL.B., 1974; 2-ra LL. B. 1976. **Coláiste Cisteirseach, Ros Cré**, 1967-1972.

3. SONRAÍ PEARSANTA

Rugadh i dTiobraid Árann, 5 Samhain 1955. Pósta le Suzanne, ó Eilvéis na Fraincise; beirt iníon acu - **cainteoirí dúchais Gaeilge -** Aisling (rugadh 1993) agus Ciara (rugadh 1996).

Teangacha: Líofa: Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Polainnis, Breatnais, Esperanto. Léamh: Gaeilge na hAlban, Rúisis, Iodáilis agus Rómáinis.